

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14847/26

EF 277
ECOFIN 1356
DELECT 167

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7021 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 9.10.2026 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir infheidhmeachta maidir le hanailísí macrastuamachta san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta agus mar chuid de phrionsabal an duine stuama, agus lena sonraítear na critéir infheidhmeachta, ábhar agus minicíocht an nuashonraithe ar phleananna bainistithe riosca leachtachta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7021 final.

Faoi iamh: C(2026) 7021 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 9.10.2026
C(2026) 7021 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 9.10.2026

lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir infheidhmeachta maidir le hanailísí macrastuamachta san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta agus mar chuid de phrionsabal an duine stuama, agus lena sonraítear na critéir infheidhmeachta, ábhar agus minicíocht an nuashonraithe ar phleananna bainistithe riosca leachtachta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir (AE) 2025/2 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ leasaíodh Airteagal 45(1) de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² trí phointe (e) a chur leis, lena gceanglaítear ar ghnóthais árachais agus athárachais áirithe, nuair a iarrann a n-údarás maoirseachta orthu déanamh amhlaidh, anailís a dhéanamh ina bhféinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta (i) ar na hábhair inní mhacrustuamachta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do phróifíl riosca shonrach, do theorainneacha lamháltais riosca formheasta, do straitéis ghnó, do ghníomhaíochtaí frithgheallta nó do chinntí infheistíochta, agus do riachtanais fhoriomlána sócmhainneachta agus (ii) ar ghníomhaíochtaí an ghnóthais a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na forbairtí maicreacnamaíocha agus margaí airgeadais, agus a d'fhéadfadh athrú ina bhfoinsí riosca shistéamaigh.

An tráth céanna, le Treoir (AE) 2025/2 cuireadh le hAirteagal 132 de Threoir 2009/138/CE freisin, lena gceanglaítear ar ghnóthais árachais agus athárachais prionsabal an duine stuama a urramú agus a sócmhainní uile á n-infheistiú acu, míreanna nua 5 go 8. Le mír 6 nua den Airteagal sin, ceanglaítear ar ghnóthais árachais agus athárachais, nuair a iarrann a n-údarás maoirseachta orthu déanamh amhlaidh, (i) na hábhair inní mhacrustuamachta a chur san áireamh nuair a dhéanfaidh na gnóthais árachais agus athárachais sin cinneadh maidir lena straitéis infheistíochta; (ii) measúnú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh a straitéis infheistíochta tionchar a bheith aici ar fhorbairtí sna margaí maicreacnamaíocha agus airgeadais agus ar a mhéid a d'fhéadfaidís athrú ina bhfoinsí riosca shistéamaigh, agus (iii) breithnithe den sórt sin a ionchorprú mar chuid dá gcinntí infheistíochta.

Le Treoir (AE) 2025/2, cuireadh Airteagal 144a nua isteach i dTreoir 2009/138/CE freisin. Le mír 2 den Airteagal sin ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh gnóthais árachais agus athárachais plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta lena gcumhdófar anailís leachtachta sa ghearrthearma. Arna iarraidh sin ag a n-údarais mhaoirseachta, tá gnóthais árachais agus athárachais le síneadh a chur leis an bplean bainistithe riosca leachtachta sin chun an tréimhse mheántéarmach agus fhadtéarmach a chumhdach.

Ar deireadh, le Treoir (AE) 2025/2 cuireadh Airteagal 246a nua isteach i dTreoir 2009/138/CE, lena dtugtar isteach plean bainistithe riosca leachtachta ar leibhéal an ghrúpa le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, cuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha rannpháirteacha, agus na ceanglais a luaitear in Airteagal 144a á gcur i bhfeidhm *mutatis mutandis*.

Chun é a chur ar a gcumas do na húdarais mhaoirseachta measúnú a dhéanamh ar cé na gnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí atá chun na huirlisí macrustuamachta nua sin uile a chur i bhfeidhm, le Treoir (AE) 2025/2 cuireadh Airteagal 144d nua isteach i dTreoir 2009/138/CE, lena n-ordaítear le mír 1 don Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin

¹ Treoir (AE) 2025/2 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Treoir 2009/138/CE a mhéid a bhaineann le comhréireacht, cáilíocht na maoirseachta, tuairisciú, bearta ráthaíochta fadtéarmacha, uirlisí macrustuamachta, rioscaí inbhuanaitheachta agus maoirseacht ghrúpa agus trasteorann, agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE agus 2013/34/AE (IO L, 2025/2, 8.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2/oj>).

² Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj>).

Cheirde ('ÚEÁPC') dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina bhfuil critéir chun measúnú den sórt sin a dhéanamh. D'fhorbair ÚEÁPC critéir den sórt sin, agus ar an gcaoi sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 144d(3) agus 144d (4), de Threoir 2009/138/CE á gcur san áireamh, chun go mbeidh na critéir atá le cur san áireamh comhréireach le cineál, scála agus castacht na rioscaí, agus go háirithe leis an leibhéal idirnascthachta le margaí airgeadais, cineál trasteorann na ngníomhaíochtaí árachais agus atharachais, infheistíochtaí na ngnóthas árachais agus atharachais agus comhdhéanamh na bpunann sócmhainní agus dliteanas.

Maidir le pleananna bainistithe riosca leachtachta go sonrach, tugtar treoir do ÚEÁPC i mír 2 d'Airteagal 144d agus i mír 4 d'Airteagal 246a dréachtchaighdeáin theicniúla a fhorbairt lena sonraítear ábhar agus minicíocht an nuashonraithe ar na pleananna bainistithe riosca leachtachta ar leibhéal aonair agus ar leibhéal grúpa araon.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne ÚEÁPC comhairliúchán poiblí idir an 17 Deireadh Fómhair 2024 agus an 9 Eanáir 2025 maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i ndáil le hanailísí macrastuamachta a áireamh san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta agus mar chuid de phrionsabal an duine stuama. Reáchtáladh imeacht le páirtithe leasmhara an 27 Samhain 2024 chun an páipéar comhairliúcháin a phlé. Thug seacht bpáirtí leasmhara aiseolas. Bunaithe ar an aiseolas ó pháirtithe leasmhara, rinneadh ábhar na ndréachtchaighdeán teicniúil rialála a bheachtú agus méadaíodh an tairseach chainníochtúil chun comhréireacht a áirithiú a thuilleadh (is é sin ó EUR 12 bhilliún go EUR 20 billiún i sócmhainní iomlána chlár comhardaithe Shócmhainneacht II de chuid gnóthais árachais nó atharachais agus grúpa), gan an cur chuige ginearálta a leagtar amach sa pháipéar comhairliúcháin a athrú.

Rinne ÚEÁPC comhairliúchán poiblí idir an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus an 2 Eanáir 2025 maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i ndáil le pleananna bainistithe riosca leachtachta. Reáchtáladh imeacht le páirtithe leasmhara an 27 Samhain 2024 chun an páipéar comhairliúcháin a phlé. Thug deich bpáirtí leasmhara, lena n-áirítear Grúpa Geallsealbhoirí Árachais agus Atharachais ÚEÁPC, aiseolas. Bunaithe ar an aiseolas ó pháirtithe leasmhara, rinneadh roinnt modhnuithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun cur chuige rioscabhunaithe agus comhréireach a áirithiú a thuilleadh. Méadaíodh an tairseach bhunlíne chun an anailís leachtachta a dhéanamh sa mheántéarma agus san fhadtéarma ó EUR 12 bhilliún go EUR 20 billiún agus laghdaíodh minicíocht réamhshocráithe an nuashonraithe ar an bplean bainistithe riosca leachtachta ó uair sa ráithe go dtí uair sa bhliain ar a laghad. Baineadh roinnt forálacha maidir leis an ábhar, go háirithe na ceanglais chun tuairisciú a dhéanamh ar na réamh-mheastacháin ar shreabh airgid le haghaidh tréimhsí ionchasacha sonracha agus comhtháscaire riosca leachtachta. Leis na forálacha sin, cheanglófaí ar ghnóthais agus ar ghrúpaí ríomhanna breise a dhéanamh, gan cur go mór le cáilíocht a mbainistíochta riosca leachtachta.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is iad Airteagal 144d(1), Airteagal 144d(2) agus Airteagal 246a(4) de Threoir 2009/138/CE na bunúis dlí don rialachán tarmligthe seo.

Leasaíodh Treoir 2009/138/CE le Treoir (AE) 2025/2, *inter alia* chun a cheangal ar ghnóthais árachais agus atharachais éifeachtaí macrastuamachta a mheas san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta agus i bprionsabal an duine stuama a mhéid a bhaineann lena straitéis infheistíochta. Sonraítear sa Rialachán Tarmligthe seo na critéir infheidhmeachta atá le cur san áireamh ag údarais mhaoirseachta agus na gnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí a n-iarrfar orthu na hanailísí macrastuamachta sin a dhéanamh á sonrú acu. Leis an rialachán

tarmligthe seo, baintear úsáid as tionchar nágcrítear cainníochtúil agus cáilíochtúil a úsáideadh cheana féin sa chomhthéacs maoirseachta. Go háirithe, comhcheanglaíonn sé dearbhthairseach EUR 20 billiún i sócmhainní iomlána chlár comhardaithe Shócmhainneacht II de chuid gnóthais árachais nó athárachais agus grúpa, le sraith critéar rioscabhunaithe a bhaineann le hidirnasacht, gníomhaíocht, inionadaitheacht, agus rioscaí leachtachta. Tríd an gcur chuige sin a úsáid, áirithítear leis an rialachán tarmligthe seo solúbthacht mhaoirseachta chun gnóthais ábhartha a chinneadh de réir a loirg shistéamaigh.

Is é is cuspóir don rialachán tarmligthe seo an mhaoirseacht mhicreastuamachta éifeachtach ar an gcreat a leagtar síos i dTreoir 2009/138/CE a chomhlánú le heilimintí macrastuamachta chun tionchar sistéamach árachóirí a mheas go sonrach, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cinní infheistíochta.

Ina theannta sin, iarrtar ar gnóthais agus ar ghrúpaí árachais agus athárachais plean bainistithe riosca leachtachta a chur ar bun agus a choinneáil cothrom le dáta agus é a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta mar chuid den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Threoir 2009/138/CE. Cé go bhfuil feidhm ag an oibleagáid anailísí leachtachta a dhéanamh sa ghearrthearma maidir le gach (ath)árachóir seachas gnóthais bheaga neamhchasta agus gnóthais a thairbhíonn de bhearta comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 29d de Threoir 2009/138/CE, iarrfaidh údarais mhaoirseachta anailísí leachtachta sa mheántearma agus san fhadtearma ar ghnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí agus an tacar critéar cainníochtúil agus cáilíochtúil a luaitear sa rialachán tarmligthe seo á chur san áireamh. Chun comhsheasmhacht a áirithiú i dtaca le cuspóirí beartais agus leis an gcéad roinn tiomnaithe d'anailísí macrastuamachta, tugtar isteach leis an dara roinn den rialachán tarmligthe seo, atá tiomnaithe do phleananna bainistithe riosca leachtachta, dearbhthairseach EUR 20 billiún i sócmhainní iomlána chlár comhardaithe Shócmhainneacht II de chuid gnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí, agus tacar beartaithe critéar leachtachta rioscabhunaithe a bhaineann le comhdhéanamh na bpunann sócmhainní agus dliteanais, cineál agus inathraitheacht na n-oibleagáidí árachais agus athárachais agus neamhchosaintí shreabha airgid ionchasacha na sócmhainní ar luaineachtaí margaidh. Trí chritéir chainníochtúla agus cháilíochtúla a ionchorprú, cuirtear cóineasú maoirseachta chun cinn leis an rialachán tarmligthe seo agus sainiúlachtaí an mhargaidh náisiúnta á gcur san áireamh ag an am céanna. Is éard atá in ábhar agus struchtúr an phlean bainistithe riosca leachtach measúnú foriomlán, toimhdí atá mar bhonn le réamh-mheastacháin ar shreabha airgid isteach agus amach, torthaí na réamh-mheastachán ar shreibhe airgid, maoláin shócmhainní leachtacha, táscairí riosca leachtachta, agus aon fhaisnéis eile. Iarrfar ar (ath)árachóirí a bplean bainistithe riosca leachtachta a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil ar a laghad agus aon uair a thiocfaidh athrú suntasach ar na coinníollacha leachtachta foriomlána. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ar leibhéal an ghrúpa ag ábhar agus minicíocht an nuashonraithe ar phlean bainistithe riosca leachtachta ar an leibhéal aonair, agus tionchair an chomhchruinnithe riosca shuntasaigh agus na n-idirbheart inghrúpa á gcur san áireamh, agus is amhlaidh atá maidir le haon sriant ar aistriú leachtachta ar bhonn leanúnach agus faoi dhálaí anáis.

Trí chritéir shoiléire maidir le sainaithint a sholáthar, cuirfidh an rialachán tarmligthe seo cóineasú maoirseachta chun cinn agus tacóidh sé le maoirseacht mhacrastuamachta éifeachtach agus éifeachtúil d'árachóirí, d'athárachóirí agus do ghrúpaí, rud a chuirfidh le cosaint sealbhóirí polasaí agus leis an gcuspóir an t-ualach a laghdú.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 9.10.2026

lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir infheidhmeachta maidir le hanailísí macrastuamachta san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta agus mar chuid de phrionsabal an duine stuama, agus lena sonraítear na critéir infheidhmeachta, ábhar agus minicíocht an nuashonraithe ar phleananna bainistithe riosca leachtachta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II)³, agus go háirithe Airteagal 144d(1), an tríú fomhír, Airteagal 144d(2), an dara fomhír, agus Airteagal 246a(4), an dara fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Na critéir ba cheart d'údaráis mhaoirseachta a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu cé na gnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí ba cheart a iarraidh orthu a ngníomhaíochtaí a mheas agus anailís a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin difear a dhéanamh do na forbairtí maicreacnamaíocha agus margaidí airgeadais agus a d'fhéadfadh athrú ina bhfoinsí riosca shistéamaigh, dá dtagraítear in Airteagal 45(1), an dara fomhír, pointe (e)(ii), de Threoir 2009/138/CE, ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na cuir chuige is déanaí chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht mhacrastuamachta gnóthas árachais agus athárachais. Go sonrach, ba cheart na critéir sin a bheith bunaithe ar na croíphrionsabail árachais a ghlac An Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais ina Chreat Iomlánaíoch chun riosca sistéamach in earnáil an árachais a mheasúnú agus a mhaolú⁴, arna bhformhuiniú ar an leibhéal idirnáisiúnta ag údaráis mhaoirseachta.
- (2) Chun gnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí a shainaithint atá níos tábhachtaí ó thaobh na cobhsaíochta airgeadais de, de bharr a méide, ba cheart critéir chainníochtúla a úsáid mar thosaíocht. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá le faireachán a dhéanamh ar chobhsaíocht airgeadais, ar thaobh amháin, agus leis an ualach a laghdú ar an taobh eile, ba cheart na critéir chainníochtúla a bhunú ar thairseach EUR 20 000 000 000 le haghaidh sócmhainní iomlána, lena n-áirithítear cumhdach leordhóthanach margaidh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

³ IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj>.

⁴ An Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais, 'Creat Iomlánaíoch le haghaidh Riosca Sistéamach in Earnáil an Árachais', Samhain 2019, [191114-Holistic-Framework-for-Systemic-Risk.pdf](https://www.iaa-iaa.org/191114-Holistic-Framework-for-Systemic-Risk.pdf).

- (3) Chun gnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí a shainaithint nár gabhadh trí na critéir chainníochtúla a chur i bhfeidhm, ach a bhféadfadh gá a bheith lena n-anailísí maicreacnamaíocha breise san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta, dá dtagraítear in Airteagal 45(1), an dara fómhír, pointe (e), de Threoir 2009/138/CE, agus breithnithe macrastuamachta a ionchorprú mar chuid de phrionsabal an duine stuama, dá dtagraítear in Airteagal 132(6) de Threoir 2009/138/CE, mar gheall ar a bpróifíl riosca, ba cheart critéir cháilíochtúla a úsáid. I gcás ina nochtar le cur i bhfeidhm na gcritéir cáilíochtúil sin nach bhfuil gnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí a shroicheann an tairseach EUR 20 000 000 000 le haghaidh sócmhainní iomlána leochaileach go hábhartha maidir le riosca sistéamach, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta breithniú a dhéanamh gan a iarraidh ar na gnóthais nó ar na grúpaí sin na hanailísí macrastuamachta breise a dhéanamh san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta agus breithnithe macrastuamachta a ionchorprú i bprionsabal an duine stuama.
- (4) Chun comhsheasmhacht a áirithiú le creat téarnaimh agus réitigh gnóthas árachais agus atharachais, mar a leagtar síos i dTreoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, ba cheart sonraíochtaí na gcritéir inionadaitheachta i gcomhthéacs trasteorann agus na gcritéir idirnasachta nach mór do na húdaráis mhaoirseachta a chur san áireamh a bheith mar an gcéanna leis na sonraíochtaí a leagtar síos sa rialachán tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 5(12), pointe (a), den Treoir sin.
- (5) Chun plean bainistithe riosca leachtachta comhréireach agus rioscabhunaithe a áirithiú, ba cheart do ghnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí torthaí a n-anailíse leachtachta a sholáthar sa phlean bainistithe riosca leachtachta i gcomhréir leis an gcóras rialachais agus na ceanglais bainistithe riosca a leagtar síos in Airteagail 41(3) agus 44(2) de Threoir 2009/138/CE. Thairis sin, ba cheart na ceanglais rialachais a leagtar síos in Airteagal 259(1), pointe (a) agus Airteagal 260(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún a chur san áireamh i bpleananna bainistithe riosca leachtachta⁶, agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar chroíphrionsabail árachais an Chomhlachais Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais maidir le bainistiú riosca leachtachta⁷.
- (6) Chun an tsonraíocht maidir leis na critéir chun gnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí nach mór dóibh anailís leachtachta a chumhdach freisin sa mheántéarma agus san fhadtéarma sa phlean bainistithe riosca leachtachta a shainaithint, ní mór tuiscint choiteann a bheith ann ar na tréimhsí ama ina bhféadfadh rioscaí leachtachta gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha teacht chun cinn. Chun samhail ghnó shonrach na ngnóthas árachais nó atharachais nó na ngrúpaí a aithint i gcomparáid le hinstiúidí airgeadais eile, ba cheart tréimhse suas le 3 mhí a bheith i

⁵ Treoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat le haghaidh gnóthais árachais agus atharachais a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 agus Rialacháin (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2017/1129 (IO L 2025/1, 8.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/1/oj>).

⁶ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Atharachais, agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II) (IO L 12, 17.1.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/35/oj).

⁷ Croíphrionsabal Árachais 16.8 agus 16.9 sa Chomhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais, Croíphrionsabail Árachais agus Creat Coiteann maidir le Maoirsiú a dhéanamh ar Ghrúpaí Árachais atá Gníomhach go hIdirnáisiúnta, mí na Nollag 2024.

gceist leis an anailís leachtachta sa ghearrthéarma, ach ba cheart tréimhse níos faide ná 3 mhí a chumhdach leis an anailís leachtachta sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

- (7) Chun na gnóthais a d'fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar rioscaí leachtachta meántéarmacha agus fadtéarmacha ábhartha a ghabháil go leordhóthanach mar gheall ar a struchtúr nó ar a bpróifíl riosca, ba cheart na critéir atá le cur san áireamh chun na gnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí a shainaithint a n-iarrfar orthu a bplean bainistithe riosca leachtachta a leathnú chun anailís leachtachta a chumhdach freisin sa mheántéarma agus san fhadtéarma a bheith cainníochtúil agus cáilíochtúil araon. Ba cheart na critéir sin a bheith comhréireach le cineál, scála agus castacht na rioscaí lena mbaineann, agus ba cheart dóibh tacú le cóineasú maoirseachta.
- (8) Maidir leis na hanailísí macrastuamachta, chun gnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí a shainaithint a n-iarrtar orthu, de bharr a méide, plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil ar bun lena gcumhdófar anailís leachtachta sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ba cheart critéir chainníochtúla a úsáid mar thosaíocht ós rud é go meastar gur aimplitheoir riosca leachtachta é an méid sin. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais an fhaireacháin ar chobhsaíocht airgeadais agus an laghdaithe ualaigh, ba cheart na critéir chainníochtúla a bhunú ar thairseach EUR 20 000 000 000 le haghaidh sócmhainní iomlána, rud a áiríthíonn cumhdach leordhóthanach margaidh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.
- (9) Chun gnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí breise a shainaithint nár gabhadh trí chritéir chainníochtúla a chur i bhfeidhm ach a bhféadfadh rioscaí leachtachta a bheith ag baint leo sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar gheall ar a bpróifíl riosca, ba cheart critéir cháilíochtúla a úsáid. Le cur i bhfeidhm na gcritéir cáilíochtúil, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a bheith in ann gnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí a gabhadh trí na critéir chainníochtúla a chur i bhfeidhm a shainaithint, ach ar ina leith a léirítear sa mheasúnú ar chineál, ar scála agus ar chastacht na rioscaí a bhaineann le leachtacht, nach bhfuil siad leochaileach go hábhartha i leith riosca leachtachta meántéarmach agus fadtéarmach agus, dá bhrí sin, nár cheart a iarraidh orthu anailís leachtachta mheántéarmach go fadtéarmach a áireamh ina bpleananna bainistithe riosca leachtachta.
- (10) Ag brath ar struchtúr agus ar phróifíl riosca leachtachta an ghrúpa, d'fhéadfadh an plean bainistithe riosca leachtachta sa mheántéarma agus san fhadtéarma ar leibhéal an ghrúpa leochaileachtaí leachtachta gnóthas gaolmhar árachais agus atharachais áirithe laistigh den ghrúpa a ghabháil go leordhóthanach, go háirithe i gcás nach bhfuil a bpróifíl riosca leachtachta aonair ábhartha nó i gcás ina léirítear go hiomchuí í sa mheasúnú uileghrúpa. Dá bhrí sin, leis an gceanglas plean bainistithe riosca leachtachta a bheith ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma ar leibhéal an ghrúpa, níor cheart a thabhairt le tuiscint go córasach go bhfuil gá le plean bainistithe riosca leachtachta ar leithligh sa mheántéarma agus san fhadtéarma le haghaidh gach gnóthais árachais nó atharachais ghaolmhair laistigh den ghrúpa, agus ar bhonn cómhalartach.
- (11) Ba cheart na pleananna bainistithe riosca leachtachta a bheith inrochtana go héasca agus inchomparáide, go háirithe do chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta na ngnóthas sin agus do na húdaráis mhaoirseachta. Ba cheart dóibh, dá bhrí sin, struchtúr coiteann a leanúint.
- (12) Le hAirteagal 144a(5) de Threoir 2009/138/CE ceadaítear do ghnóthais árachais agus atharachais a chuireann an coigeartú meaitseála nó an coigeartú luaineachta i bhfeidhm

chun an plean bainistithe riosca leachtachta a chomhcheangal leis an bplean leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 44(2) den Treoir sin i ndáil leis na sócmhainní agus na dliteanais atá faoi réir na gcoigeartuithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart struchtúr coiteann an dá phlean a bheith solúbtha go leor. Chun sintéis de chomhpháirteanna éagsúla na hanailíse leachtachta a sholáthar do léitheoirí an phlean bainistithe riosca leachtachta, lena n-áirítear an t-údarás maoirseachta, ba cheart don phlean bainistithe riosca leachtachta tosú le measúnú foriomlán ar leordhóthanacht na leachtachta chun oibleagáidí a shocrú nuair a bheidh siad dlite.

- (13) Le tuairisc ar na toimhdí is bun leis na réamh-mheastacháin ar shreabha airgeadais isteach agus amach, lena sonraítear go háirithe na foinsí ábhartha riosca leachtachta ar a bhfuil an gnóthas neamhchosanta, feabhsaítear léargas na léitheoirí ar phróifíl riosca na ngnóthas árachais agus atharachais agus rannchuidítear leis an tuiscint ar an bplean bainistithe riosca leachtachta. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais árachais agus atharachais faisnéis a sholáthar maidir leis na toimhdí sin, ar bhonn leanúnach agus faoi dhálaí anáis araon. Ar an gcúis chéanna, ba cheart tuairisc a thabhairt sa phlean bainistithe riosca leachtachta freisin ar na foinsí riosca leachtachta a measadh, lena bhféadfaí glaonna ar éarlais agus ar chomhthaobhacht maidir le díorthaigh, idirbhearta maoinithe urrús agus neamhchosaintí eile, fuascailtí ag sealbhóirí polasaí, tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine a d'fhéadfadh a bheith ann, agus meath ar sheasamh creidmheasa na ngnóthas árachais agus atharachais a áireamh, agus ba cheart méid na suaití a ghlactar sna tástálacha struis agus san anailís ar chásanna a shonrú.
- (14) Ba cheart do ghnóthais árachais agus atharachais tréimhsí ionchasacha a úsáid sna réamh-mheastacháin ar shreabha airgeadais isteach agus amach lena ngabhtar go héifeachtach a bpróifíl riosca leachtachta agus uainiú a riachtanas leachtachta, lena bhféadfaí tréimhsí ionchasacha a áireamh arna sloinneadh i laethanta le haghaidh glaonna laethúla ar chorrlach agus ar chomhthaobhacht. Mar thoradh air sin, ba cheart dóibh torthaí na réamh-mheastachán ar shreabha airgid a sholáthar sa phlean bainistithe riosca leachtachta le haghaidh tréimhse ionchasach amháin nó níos mó sa ghearrthéarma agus, i gcás inarb infheidhme, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.
- (15) Féadfaidh na sealbhóirí polasaí an riosca leachtachta ar chodanna de na sócmhainní agus de na dliteanais a iompar agus féadfar codanna de na sócmhainní agus de na dliteanais a imfhálú, lena n-áirítear i gcistí ag a bhfuil oibleagáidí árachais saoil le comhroinnt brabúis, ionas nach mbeidh na sócmhainní sin ar fáil chun leachtacht a sholáthar do chodanna eile den ghnóthas árachais nó atharachais. Dá bhrí sin, sa phlean bainistithe riosca leachtachta, ba cheart do ghnóthais árachais agus atharachais torthaí na réamh-mheastachán ar shreabha airgid a chur i láthair ar leithligh le haghaidh sócmhainní agus dliteanais a bhaineann le hoibleagáidí innéacsasctha agus aonadnasctha agus le cistí imfhálaithe, lena n-áirítear punanna coigeartaithe meaitseála. Ar an gcúis chéanna, ba cheart do ghnóthais árachais agus atharachais aon srian inmheánach ar leachtacht a shainiú freisin agus measúnú a sholáthar ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na srianta inmheánacha sin ar leachtacht.
- (16) Ba cheart do dtabharfadh torthaí na réamh-mheastachán ar shreabha airgid léargas do léitheoirí an phlean bainistithe riosca leachtachta, lena n-áirítear na húdaráis mhaoirseachta, ar na príomhspreagthaí maidir le forbairt sreabha airgeadais isteach agus amach, ar an spleáchas ar mhaoláin shócmhainní leachtacha agus foinsí eile leachtachta chun aon easnamh a ionsú, agus ar éifeachtacht na mbeart maoirseachta a d'fhéadfadh a bheith ann chun staid leachtachta gnóthas árachais agus atharachais a athbhunú. Dá bhrí sin, ba cheart miondealú a bheith sa phlean bainistithe riosca

leachtachta ar na réamh-mheastacháin ar shreabha airgeadais isteach agus amach ar bhonn leanúnach agus faoi dhálaí anáis. Ba cheart a chumhdach leis na hítimí sreibhe airgid atá le hidirdhealú na príomh-insreabh agus na príomh-eis-sreabh airgid de chuid gnóthas árachais agus athárachais, na heis-sreabha airgid ar foinsí tábhachtacha riosca leachtachta iad, lena n-áirítear glaonna ar chorrlach agus ar chomhthaobhacht, na hinsreabha airgeadais de thionscnamh maoláin shócmhainní leachtacha agus foinsí eile leachtachta, lena n-áirítear cistiú neamhurraithe, agus na sreabha airgeadais amach is féidir le húdaráis mhaoirseachta a shrianadh nó a chur ar fionraí go sealadach chun leochaileachtaí leachtachta a réiteach in imthosca eisceachtúla, i gcomhréir le hAirteagal 144b(3) de Threoir 2009/138/CE. Chun cur chuige comhréireach agus rioscabhunaithe a áirithiú, níor cheart do ghnóthais árachais agus athárachais na hítimí sreibhe airgid forordaithe a sholáthar le haghaidh na réamh-mheastachán ar bhonn leanúnach, agus le haghaidh na réamh-mheastachán faoi dhálaí anáis ach amháin i gcás ina n-athraíonn na míreanna sin go hábhartha.

- (17) Ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais leachtacht leordhóthanach a choinneáil ar bun chun a n-oibleagáidí airgeadais i leith sealbhóirí polasaí agus contrapháirtithe eile a shocrú nuair a bheidh siad dlite, fiú faoi dhálaí anáis. Dá bhrí sin, ba cheart miondealú a bheith sa phlean bainistithe riosca leachtachta ar mhaoláin na sócmhainní leachtacha agus ar na caolchorraigh thoimhdithe, ar cheart dó a bheith ag comhfhreagairt don chaillteanas i luach na sócmhainní nuair a chlaochlaítear na sócmhainní go leachtacht faoi dhálaí anáis laistigh den tréimhse ama a chomhfhreagraíonn do na riachtanais leachtachta. Ba cheart measúnú a bheith ag gabháil leis an miondealú sin ar iontaofacht na sócmhainní chun leachtacht a sholáthar, ar acmhainneacht oibríochtúil an ghnóthais árachais nó athárachais chun sócmhainní a chomhshó go leachtacht, agus ar infhaighteacht socruithe le contrapháirtithe, in imthosca anáis freisin, chun sócmhainní leachtacha a chlaochlú go leachtacht agus chun foinsí eile leachtachta a sholáthar.
- (18) Ba cheart na luachanna is déanaí de tháscairí riosca leachtachta na ngnóthas árachais agus athárachais a bheith sa phlean bainistithe riosca leachtachta, mar aon le tuairisc agus míniú ar a n-oiriúnacht. Cé gur cheart na táscairí riosca leachtachta a bheith ina dtáscairí dílse de chuid na ngnóthas árachais agus athárachais, lena léirítear a sainiúlachtaí agus a bpróifil riosca leachtachta, tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirtear faisnéis ábhartha in iúl leis na táscairí maidir le staid leachtachta na ngnóthas árachais agus athárachais. Dá bhrí sin, ba cheart táscairí a áireamh sa phlean bainistithe riosca leachtachta lena léirítear cé acu atá nó nach bhfuil neamhchosaintí leachtachta laistigh de theorainneacha lamháltais riosca formheasta na ngnóthas árachais agus athárachais agus lena ndéantar comparáid idir acmhainní leachtachta agus riachtanais leachtachta faoi ghnáthdhálaí agus faoi dhálaí anáis, lena n-áirítear an cóimheas cumhdaigh leachtachta a úsáidtear go coitianta agus an mhéadracht leachtachta iomarcach.
- (19) Leis an nuashonrú ar an bplan bainistithe riosca leachtachta, áirithítear go mbeidh faisnéis reatha agus ábhartha sa phlean, ach ba cheart costais dhíríreacha a bhaineann leis an ábhar a thabhairt cothrom le dáta rómhinic a sheachaint. Dá bhrí sin, ba cheart an plan bainistithe riosca leachtachta a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil, nó níos minice chun aon luaineacht shuntasach i neamhchosaintí ar riosca leachtachta a ghabháil i rith na bliana. Ba cheart an plan bainistithe riosca leachtachta a thabhairt cothrom le dáta freisin tar éis athrú suntasach ar phróifil riosca leachtachta an ghnóthais, nó tar éis aon mhórfhorbairt sheachtrach a dhéanann difear suntasach d'ábhar an phlean bainistithe riosca leachtachta.

- (20) Chun aon bhagairt ar staid leachtachta an ghrúpa a mhaolú, ba cheart do ghnóthais árachais agus atharachais rannpháirteacha, do chuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha agus do chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha rannpháirteacha tuairisc a thabhairt sa phlean bainistithe riosca leachtachta ar leibhéal an ghrúpa ar thionchair na n-idirbheart inghrúpa agus na gcomhchruinnithe riosca suntasacha uile.
- (21) Ní bhíonn leachtacht inaistrithe gan srian i gcónaí laistigh de ghrúpa nuair is gá. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais árachais agus atharachais rannpháirteacha, cuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha rannpháirteacha a áirithiú go n-áireofar leis na tionchair ar a dtugtar tuairisc sa phlean bainistíochta riosca leachtachta ar leibhéal an ghrúpa aon srian ar aistriú leachtachta laistigh den ghrúpa ar bhonn leanúnach agus faoi dhálaí anáis.
- (22) Faoi na rialacha atá ann faoi láthair, ní bhronntar ionstraimí oiriúnacha ar údaráis mhaoirseachta ar fud an Aontais chun lorg macrastuamachta árachóirí a mheas maidir lena n-uirlisí bainistithe riosca cáilíochtúla agus lena gcinntí infheistíochta. Léirigh géarchéim airgeadais 2008 laigí maidir le dul i ngleic le riosca sistéamach, rud a spreag ollchóiriú macrastuamachta ar an rialachán airgeadais. Le hAirteagal 144d (1), pointí (a), (b) agus (c), Airteagal 144d(2), agus Airteagal 246a(4) de Threoir 2009/138/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh chun critéir a shonrú chun a chinneadh cathain a iarrfar ar ghnóthais árachais nó atharachais agus ar ghrúpaí breithnithe macrastuamachta a ionchorprú san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta agus i bprionsabal an duine stuama, plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil ar bun lena gcumhdófar anailís leachtachta sa mheántearma agus san fhadtearma, agus ábhar agus minicíocht an nuashonraithe ar phleananna bainistithe riosca leachtachta a shonrú ar leibhéal aonair agus ar leibhéal grúpa araon. Trí chleachtais mhaoirseachta a chomhchuíbhíú agus rogha na n-údarás poiblí a threorú, is é is aidhm do na critéir sin tacú le maoirseacht mhacrastuamachta éifeachtach le haghaidh gnóthais árachais agus atharachais agus grúpaí, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cosaint sealbhóirí polasaí. Is gá, dá bhrí sin, na caighdeáin theicniúla rialála sin a chuimsiú in aon rialachán tarmlichte amháin.
- (23) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde faoi bhráid an Choimisiúin.
- (24) Reáchtáil an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Atharachais arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸,

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj>).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

ROINN 1 - ANAILÍSÍ MACRASTUAMACHTA SAN FHÉINMHEASÚNÚ RIOSCA AGUS SÓCMHAINNEACHTA AGUS MAR CHUID DE PHRIONSABAL AN DUINE STUAMA

Airteagal 1

Critéir lena chinneadh cé na gnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí nach mór dóibh anailísí macrastuamachta breise a dhéanamh san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta

1. Chun críocha Airteagal 144d(1), pointe (a), de Threoir 2009/138/CE, tabharfaidh údaráis mhaoirseachta tosaíocht do na critéir seo a leanas chun na gnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí a shainaithint a n-iarrfar orthu na hanailísí macrastuamachta breise a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 45(1), an dara fomhír, pointe (e), de Threoir 2009/138/CE:
 - (a) maidir le grúpaí árachais agus athárachais, cibé acu is mó nó nach mó ná EUR 20 000 000 000 iomlán na sócmhainní, arna luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE;
 - (b) le haghaidh gnóthais árachais nó athárachais nach mbaineann le grúpa dá dtagraítear i bpointe (a), cibé acu is mó nó nach mó ná EUR 20 000 000 000 iomlán na sócmhainní, arna luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE.
2. Chun a chinneadh cé acu a iarrfar nó nach n-iarrfar ar ghnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 1 na hanailísí macrastuamachta breise a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 45(1), an dara fomhír, pointe (e), de Threoir 2009/138/CE, cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta na critéir seo a leanas san áireamh:
 - (a) cé acu atá nó nach bhfuil an gnóthas nó an grúpa árachais nó athárachais idirnasctha go hábhartha le hinstiúidí airgeadais eile i gcomhréir le sonraíochtaí na gcritéir a leagtar síos sa rialachán tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 5(12), pointe (a), de Threoir 2025/1;
 - (b) cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an gnóthas árachais nó athárachais nó grúpa na gníomhaíochtaí seo a leanas a bhaineann go hábhartha le neamhchosaintí atá ábhartha go sistéamach:
 - (i) ionstraimí díorthacha a úsáid;
 - (ii) gníomhaíochtaí a bhaineann le neamhchosaintí ag a bhfuil impleachtaí macrastuamachta a d'fhéadfadh éifeachtaí seach-iarmharta a ghiniúint;
 - (iii) táirgí a thairiscint a bhfuil sochar ráthaithe nó blianachtaí athraitheacha ag baint leo;
 - (iv) comhchruinniú in aicmí sócmhainní áirithe nó neamhchosaintí coiteanna ar thaobh na sócmhainní;
 - (c) cé acu atá nó nach bhfuil an gnóthas árachais nó athárachais nó an grúpa inionadaithe le gnóthais árachais nó athárachais nó grúpaí eile i gcomhréir le sonraíochtaí na gcritéir a leagtar síos sa rialachán tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 5(12) pointe (a), de Threoir 2025/1;

- (d) cé acu atá nó nach bhfuil an gnóthas árachais nó athárachais nó an grúpa neamhchosanta go hábhartha ar riosca leachtachta ar bhonn na bhfoinsí riosca leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Rialachán seo;
 - (e) i gcás inar cuid de ghrúpa é an gnóthas árachais nó athárachais a dhéanann na hanailísí macrastuamachta san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta, cé acu a ghabhtar nó nach ngabhtar sainiúlachtaí an ghnóthais sin go leordhóthanach nó go míchuí in anailís an ghrúpa.
3. Chun a chinneadh cé acu a iarrfar nó nach n-iarrfar ar ghnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 1 na hanailísí macrastuamachta breise a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 45(1), an dara fómhír, pointe (e), de Threoir 2009/138/CE, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta na critéir a leagtar amach i mír 2 a chur san áireamh freisin: D'fhéadfadh neamhchomhlíonadh na gcritéir sin, chomh maith le cineál, scála agus castacht na rioscaí, údar a thabhairt le cinneadh gan na hanailísí macrastuamachta breise a iarraidh.
4. Údarás maoirseachta de ghnóthais árachais nó athárachais ar cuid de ghrúpa é nach n-iarrtar air na hanailísí macrastuamachta breise a dhéanamh de bhun mhír 3 d'ainneoin na critéir a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh, féadfaidh sé a iarraidh ar an ngnóthas sin na hanailísí macrastuamachta a dhéanamh ina fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta ar bhonn na gcritéir a leagtar amach i mír 2.

Airteagal 2

Critéir lena chinneadh cé na gnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí nach mór dóibh breithnithe macrastuamachta a ionchorprú mar chuid de phrionsabal an duine stuama

1. Chun críocha Airteagal 144d(1), pointe (b), de Threoir 2009/138/CE, tabharfaidh údaráis mhaoirseachta tosaíocht do na critéir seo a leanas chun na gnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí a shainiú a n-iarrfar orthu breithnithe macrastuamachta a ionchorprú mar chuid de phrionsabal an duine stuama dá dtagraítear in Airteagal 132(6) de Threoir 2009/138/CE:
- (a) maidir le grúpaí árachais agus athárachais, cibé acu is mó nó nach mó ná EUR 20 000 000 000 iomlán na sócmhainní, arna luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE;
 - (b) le haghaidh gnóthais árachais nó athárachais nach mbaineann le grúpa dá dtagraítear i bpointe (a), cibé acu is mó nó nach mó ná EUR 20 000 000 000 iomlán na sócmhainní, arna luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE.
2. Chun a chinneadh cé acu a iarrfar nó nach n-iarrfar ar ghnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 1 na breithnithe macrastuamachta a ionchorprú mar chuid de phrionsabal an duine stuama dá dtagraítear in Airteagal 132(6) de Threoir 2009/138/CE, cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta na critéir seo a leanas san áireamh:
- (a) na critéir a leagtar amach in Airteagal 1(2), pointí (a) go (d), den Rialachán seo;

- (b) cé acu atá nó nach bhfuil neamhréir ábhartha maidir le fad tréimhse idir sócmhainní agus dliteanais laistigh den ghnóthas árachais nó atharachais nó den ghrúpa;
 - (c) cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an gnóthas árachais nó atharachais nó grúpa gearáil a eascraíonn as ionstraimí díorthacha nó as idirbhearta maoinithe urrús lena gcruthaítear neamhchosaintí atá ag brath ar luach todhchaíoch sócmhainne foluití;
 - (d) cé acu atá nó nach bhfuil sócmhainní i seilbh an ghnóthais árachais nó atharachais nó an ghrúpa atá neamhleachtach, ar deacair iad a luacháil nó a bhfuil struchtúr teimhneach casta acu, lena n-áirítear sócmhainní a luacháiltear le modhanna luachála malartacha i gcomhréir le hAirteagal 10(5), (6) agus (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;
 - (e) i gcás inar cuid de ghrúpa é an gnóthas árachais nó atharachais a dhéanann na hanailísí macrastuamachta i gcomhthéacs chur i bhfeidhm phrionsabal an duine stuama, cé acu a ghabhtar nó nach ngabhtar sainiúlachtaí an ghnóthais sin go leordhóthanach in anailís an ghrúpa.
3. Chun a chinneadh cé acu a iarrfar nó nach n-iarrfar ar ghnóthais árachais nó atharachais agus grúpaí a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 1 na breithnithe macrastuamachta a ionchorprú mar chuid de phrionsabal an duine stuama dá dtagraítear in Airteagal 132(6) de Threoir 2009/138/CE, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta na critéir a leagtar amach i mír 2 a chur san áireamh freisin: D'fhéadfadh neamhchomhlíonadh na gcritéir sin, chomh maith le cineál, scála agus castacht na rioscaí, agus é á chur san áireamh freisin an ndéantar anailísí macrastuamachta breise san fhéinmheasúnú riosca agus sócmhainneachta, údar a thabhairt le cinneadh gan na breithnithe macrastuamachta a iarraidh.
4. Údarás maoirseachta de ghnóthas árachais nó atharachais ar cuid de ghrúpa é nach n-iarrtar air breithnithe macrastuamachta a ionchorprú mar chuid de phrionsabal an duine stuama de bhun mhír 3 d'ainneoin na critéir a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh, féadfaidh sé a iarraidh ar an ngnóthas sin breithnithe macrastuamachta a ionchorprú mar chuid de phrionsabal an duine stuama ar bhonn na gcritéir a leagtar amach i mír 2.

ROINN 2 - PLEANANNA BAINISTITHE RIOSCA LEACHTACHTA

Airteagal 3 **Sainmhínithe**

Chun críocha na Roinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘gearrthearma’ an tréimhse suas le 3 mhí tar éis dháta tosaigh na réamh-mheastachán;
- (b) ciallaíonn ‘meántearma agus fadtearma’ an tréimhse thar 3 mhí ó dháta tosaigh na réamh-mheastachán.

Airteagal 4

Critéir maidir le hanailís leachtachta sa mheántearma agus san fhadtearma

- 1. Chun críocha Airteagal 144d(1), pointe (c), de Threoir 2009/138/CE, tabharfaidh údaráis mhaoirseachta tosaíocht do na critéir seo a leanas chun gnóthais árachais nó

athárachais agus grúpaí a shainithint a n-iarrfar orthu plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta lena gcumhdófar freisin anailís leachtachta sa mheántearma agus san fhadtearma dá dtagraítear in Airteagal 144a(2) de Threoir 2009/138/CE:

- (a) maidir le grúpaí árachais agus athárachais, cibé acu is mó nó nach mó ná EUR 20 000 000 000 iomlán na sócmhainní, arna luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE;
 - (b) maidir le gnóthais árachais agus athárachais nach bhfuil díolmhaithe ó phlean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta ar an leibhéal aonair i gcomhréir le hAirteagal 246a(2) de Threoir 2009/138/CE, cibé acu is mó nó nach mó ná EUR 20 000 000 000 iomlán na sócmhainní, arna luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE.
2. Chun a chinneadh cé acu a iarrfar nó nach n-iarrfar ar ghnóthais árachais nó athárachais agus grúpaí nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 1 plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil ar bun lena gcumhdófar freisin anailís leachtachta sa mheántearma agus san fhadtearma bunaithe ar a neamhchosaintí agus ar a leochaileachtaí i leith riosca leachtachta sa mheántearma agus san fhadtearma, cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta na critéir seo a leanas san áireamh:
- (a) riosca leachtachta a eascraíonn as neamhchosaint ar theagmhais inárachaithe;
 - (b) riosca leachtachta a eascraíonn as iompraíocht an tsealbhóra polasaí;
 - (c) riosca leachtachta a eascraíonn as struchtúr nó comhdhéanamh sócmhainní;
 - (d) riosca leachtachta a eascraíonn as riosca contrapháirtí;
 - (e) riosca leachtachta a eascraíonn as forbairtí eacnamaíocha nó margaidh a bhfuil tionchar acu ar chistiú.
3. Chun a chinneadh cé acu a iarrfar nó nach n-iarrfar ar ghnóthais árachais nó athárachais agus ar ghrúpaí a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 1 plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas agus a choinneáil ar bun lena gcumhdófar freisin anailís leachtachta sa mheántearma agus san fhadtearma dá dtagraítear in Airteagal 144a(2) de Threoir 2009/138/CE, féadfaidh údaráis mhaoirseachta na critéir a leagtar amach i mír 2 a chur san áireamh freisin. D'fhéadfadh neamhchomhlíonadh na gcritéir sin, chomh maith le cineál, scála agus castacht na rioscaí, údar a thabhairt le cinneadh gan iarraidh a dhéanamh anailís leachtachta a chumhdach freisin sa mheántearma agus san fhadtearma sa phlean bainistithe riosca leachtachta.

Airteagal 5

Ábhar agus struchtúr an phlean bainistithe riosca leachtachta

Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 6 go 10 den Rialachán seo sa phlean bainistithe riosca leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 144a(2) de Threoir 2009/138/CE agus beidh an struchtúr seo a leanas ann:

- (a) measúnú foriomlán;
- (b) toimhdí is bun leis na réamh-mheastacháin;
- (c) réamh-mheastacháin ar shreabha airgid;

- (d) maolán sócmhainní leachtacha;
- (e) táscairí riosca leachtachta;
- (f) aon fhaisnéis eile.

Airteagal 6

Measúnú foriomlán ar riosca leachtachta

Beidh torthaí na measúnuithe seo a leanas sa phlean bainistithe riosca leachtachta:

- (a) cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an gnóthas árachais nó athárachais na teorainneacha lamháltais riosca le haghaidh riosca leachtachta;
- (b) cé acu atá nó nach bhfuil leachtacht leordhóthanach ag an ngnóthas árachais nó athárachais chun a oibleagáidí airgeadais a shocrú i leith sealbhóirí polasaí agus contrapháirtithe eile nuair a bheidh siad dlite, fiú faoi dhálaí anáis;
- (c) cé acu atá nó nach bhfuil aon athrú mór ar an bpróifíl riosca leachtachta ó tugadh an plean bainistithe riosca leachtachta cothrom le dáta roimhe sin;
- (d) cé acu atá nó nach bhfuil aon leochaileacht i bpróifíl riosca leachtachta agus i gcóras bainistithe riosca leachtachta an ghnóthais árachais nó athárachais, agus cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon ghníomhaíocht chun na leochaileachtaí sin a réiteach.

Airteagal 7

Tuairisc ar na toimhdí is bun le réamh-mheastacháin ar shreabha airgeadais isteach agus amach

1. Sa phlean bainistithe riosca leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 144a(2) de Threoir 2009/138/CE, tabharfaidh gnóthais árachais agus athárachais tuairisc ar na toimhdí ar a bhfuil na réamh-mheastacháin ar shreabha airgeadais isteach agus amach bunaithe, le haghaidh an dá cheann díobh seo a leanas:
 - (a) réamh-mheastacháin ar bhonn leanúnach;
 - (b) réamh-mheastacháin faoi dhálaí anáis bunaithe ar na tástálacha struis agus ar an anailís ar chásanna dá dtagraítear in Airteagal 259(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
2. Sa tuairisc ar na toimhdí a úsáidtear le haghaidh na réamh-mheastachán faoi dhálaí anáis dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), sonrófar an méid seo a leanas ar leithligh:
 - (a) na foinsí ábhartha riosca leachtachta ar a bhfuil an gnóthas árachais nó athárachais neamhchosanta;
 - (b) méid na suaití arna gcur i bhfeidhm i ndáil le foinsí ábhartha an riosca leachtachta.

Airteagal 8

Faisnéis maidir le torthaí na réamh-mheastachán ar shreabha airgid

1. Sa phlean bainistithe riosca leachtachta, soláthróidh gnóthais árachais agus athárachais faisnéis maidir le torthaí na réamh-mheastachán ar shreabha airgeadais isteach agus amach dá dtagraítear in Airteagal 144a(2) de Threoir 2009/138/CE.

2. Beidh réamh-mheastacháin ar shreabha airgeadais isteach agus amach i ndáil le sócmhainní agus dliteanais uile an ghnóthais árachais nó atharachais, lena n-áirítear neamhchosaintí a eascraíonn as suíomhanna lasmuigh den chlár comhardaithe agus aistriú riosca chuig meáin shainchuspóireacha.
3. Ní bheidh dáta tosaigh na réamh-mheastachán ar shreabha airgid isteach agus amach i ndáil leis na sócmhainní agus na dliteanais roimh dheireadh na ráithe roimh an ráithe ina ndearnadh an plean bainistithe riosca leachtachta a tharraingt suas nó a thabhairt cothrom le dáta.
4. Sa phlean bainistithe riosca leachtachta, soláthróidh gnóthais árachais agus atharachais an fhaisnéis maidir le torthaí na sreabha airgeadais isteach agus amach le haghaidh na réamh-mheastachán ar bhonn leanúnach agus faoi dhálaí anáis.
5. Sa phlean bainistithe riosca leachtachta, soláthróidh gnóthais árachais agus atharachais an fhaisnéis maidir le torthaí na réamh-mheastachán ar shreabha airgid isteach agus amach le haghaidh tréimhse ionchasach amháin nó níos mó, le haghaidh an dá anailís seo a leanas:
 - (a) an anailís leachtachta sa ghearrthéarma;
 - (b) i gcás inarb infheidhme, an anailís leachtachta sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Gabhfar leis na tréimhsí ionchasacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír na neamhchosaintí ábhartha ar riosca leachtachta agus uainiú riachtanais leachtachta an ghnóthais sa ghearrthéarma agus, i gcás inarb infheidhme, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.
6. Sa phlean bainistithe riosca leachtachta, déanfaidh gnóthais árachais agus atharachais an méid seo a leanas:
 - (a) aon srian leachtachta laistigh den ghnóthas árachais nó atharachais a shainaithint;
 - (b) measúnú a sholáthar ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na réamh-mheastacháin ar shreabha airgid na srianta leachtachta dá dtagraítear i bpointe (a).
7. Soláthróidh gnóthais árachais agus atharachais an fhaisnéis maidir le torthaí na réamh-mheastachán ar shreabha airgeadais isteach agus amach ar leithligh le haghaidh na sócmhainní agus na ndliteanas seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:
 - (a) na sócmhainní agus na dliteanais i ndáil le hoibleagáidí árachais saoil innéacsnaasctha agus aonadnasctha;
 - (b) na sócmhainní agus na dliteanais i ndáil le gach ciste imfhálaithe agus gach punann coigeartaithe meaitseála.
8. San fhaisnéis maidir le torthaí na réamh-mheastachán ar shreabha airgeadais isteach, beidh iomlán na sreabha airgeadais isteach uile, agus liostófar ar leithligh na torthaí le haghaidh na hítimí seo a leanas:
 - (a) préimheanna scríofa comhlána;
 - (b) insreabha airgid atharachais;
 - (c) insreabha airgid ó idirbhearta inghrúpa;
 - (d) ioncam ó infheistíocht;

- (e) díolacháin sócmhainní, seachas na sócmhainní leachtacha dá dtagraítear in Airteagal 9;
- (f) cistiú neamhurráithe, gan iasachtaíocht inghrúpa san áireamh.

Faisnéis chomhlán a bheidh san fhaisnéis maidir leis na sreabha airgeadais isteach, gan sreabha airgid a áireamh i ndáil leis na sócmhainní a áirítear i maolán sócmhainní leachtacha amháin nó níos mó a chlaochlú go leachtacht.

Soláthróidh gnóthais árachais agus athárachais na hítimí sreibhe airgid isteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (f), le haghaidh na réamh-mheastachán ar bhonn leanúnach agus, i gcás ina dtiocfaidh athrú ábhartha ar na hítimí sreibhe airgid, le haghaidh na réamh-mheastachán faoi dhálaí anáis.

9. Áireofar san fhaisnéis maidir le torthaí na réamh-mheastachán ar shreabha airgeadais amach iomlán na sreabha airgeadais amach, agus liostófar ar leithligh na torthaí le haghaidh na hítimí seo a leanas:

- (a) éilimh agus eis-sreabha teicniúla eile, cé is moite de mhéideanna géillte;
- (b) méideanna géillte;
- (c) costais, seachas bónaí agus luach saothair inathraithe eile;
- (d) eis-sreabha airgid athárachais;
- (e) eis-sreabha airgid ó idirbhearta inghrúpa;
- (f) ceannacháin sócmhainní;
- (g) glaonna ar éarlais agus ar chomhthaobhacht;
- (h) dáileacháin díbhinní ar scairshealbhóirí agus ar chreidiúnaithe fo-ordaithe eile
- (i) íocaíochtaí eile le scairshealbhóirí agus le creidiúnaithe fo-ordaithe eile;
- (j) aisceannach scaireanna agus aisíocaíocht nó fuascailt ítimí cistí dílse;
- (k) bónaí agus luach saothair inathraithe eile.

Soláthróidh gnóthais árachais agus athárachais na hítimí sreibhe airgid amach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (k), le haghaidh na réamh-mheastachán ar bhonn leanúnach agus, i gcás ina n-athraíonn luachanna na n-ítimí sin go hábhartha, le haghaidh na réamh-mheastachán faoi dhálaí anáis.

10. Léireofar sa phlean bainistithe riosca leachtachta an t-iarmhéid glan idir sreabha airgeadais isteach agus sreabha airgeadais amach ar leithligh, agus beidh miondealú ann ar an difríocht idir an t-iarmhéid glan agus t-oll-iarmhéid maidir le sreabha airgeadais isteach agus amach, agus liostófar ar leithligh torthaí na réamh-mheastachán le haghaidh na n-ítimí seo a leanas, i gcás inarb ábhartha:

- (a) díolacháin sócmhainní leachtacha;
- (b) cistiú arna urrú le sócmhainní leachtacha;
- (c) sócmhainní leachtacha a phostáil mar chomhthaobhacht.

Airteagal 9

Faisnéis maidir le maoláin shócmhainní leachtacha agus foinsí eile leachtachta

1. Sa phlean bainistithe riosca leachtachta, soláthróidh gnóthais árachais agus athárachais faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil maidir le maoláin shócmhainní

leachtacha an ghnóthais árachais nó athárachais chun aon easnamh i sreabha airgeadais isteach a chumhdach i gcomparáid le sreabha airgeadais amach thar na dtréimhsí ionchasacha a chomhfhreagraíonn d'uainiú na riachtanas leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5).

2. Cuimseofar san fhaisnéis chainníochtúil dá dtagraítear i mír 1 miondealú ar na maoláin de réir na gcineálacha sócmhainne leachtaí, lena gcumhdófar an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh iomlán na sócmhainní leachtacha agus ar leithligh le haghaidh gach cineáil sócmhainne leachtaí:
 - (a) margadhluach na sócmhainní leachtacha ag dáta tosaigh na réamh-mheastachán ar shreabha airgid;
 - (b) an caolchorrlach a chuirtear i bhfeidhm ar na sócmhainní leachtacha;
 - (c) luach na sócmhainní leachtacha tar éis an chaolchorrallaigh dá dtagraítear i bpointe (b) a chur i bhfeidhm.
3. Chun críocha mhír 2, pointe (b), comhfhreagróidh na caolchorrallaigh don chaillteanas i luach agus na sócmhainní lena mbaineann á gclaochlú ina leachtacht faoi dhálaí anáis laistigh den tréimhse ionchasach a chomhfhreagraíonn d'uainiú na riachtanas leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5), lena n-áirítear na costais agus na caillteanais airgeadais a d'fhéadfadh teacht as díol na sócmhainní.
4. Beidh torthaí na measúnuithe seo a leanas san fhaisnéis cháilíochtúil dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) cé acu atá nó nach bhfuil na sócmhainní iontaofa a ndóthain chun easnaimh leachtachta a chumhdach faoi dhálaí anáis laistigh de na tréimhsí ionchasacha a chomhfhreagraíonn d'uainiú na riachtanas leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5), agus aon ualú, cáilíocht chreidmheasa na sócmhainní agus indíoltacht na sócmhainní á gcur san áireamh;
 - (b) cé acu atá nó nach bhfuil an acmhainneacht oibríochtúil ag an ngnóthas árachais nó athárachais na sócmhainní leachtacha a chlaochlú go leachtacht laistigh de na tréimhsí ionchasacha a chomhfhreagraíonn d'uainiú na riachtanas leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5);
 - (c) cé acu atá nó nach bhfuil fáil fós ar aon socrú le contrapháirtithe chun sócmhainní leachtacha a chlaochlú ina leachtacht nó chun foinsí eile leachtachta a sholáthar, fiú faoi dhálaí anáis, lena n-áirítear na contrapháirtithe sin a shainaithint.

Airteagal 10

Faisnéis maidir le táscairí riosca leachtachta

1. Beidh faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil sa phlean bainistithe riosca leachtachta maidir leis na táscairí riosca leachtachta a úsáideann an ghnóthas árachais nó athárachais chun strus leachtachta féideartha a shainaithint, chun faireachán a dhéanamh air agus chun aghaidh a thabhairt air.
2. Léireoidh na táscairí riosca leachtachta sainiúlachtaí agus próifil riosca an ghnóthais agus áireofar iontu táscairí lena ndéanfar an méid seo a leanas:
 - (a) comhartha a thabhairt maidir le cé acu atá nó nach bhfuil neamhchosaintí ar riosca leachtachta laistigh de na teorainneacha lamháltais riosca bunaithe;

- (b) comparáid a dhéanamh idir acmhainní agus riachtanais leachtachta faoi ghnáthdhálaí agus faoi dhálaí anáis thar na tréimhsí ionchasacha a chomhfhreagraíonn d'uainiú na riachtanas leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5).
3. Tabharfar tuairisc agus míniú san fhaisnéis cháilíochtúil dá dtagraítear i mír 1 ar an bhfáth a bhfuil na táscairí riosca leachtachta a úsáideann an gnóthas árachais nó athárachais iomchuí chun strus leachtachta féideartha a shainaithint, chun faireachán a dhéanamh air agus chun aghaidh a thabhairt air.

Airteagal 11

Minicíocht an nuashonraithe ar an bplean bainistithe riosca leachtachta

Déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais an plan bainistithe riosca leachtachta a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad. Tabharfaidh siad an plan bainistithe riosca leachtachta cothrom le dáta freisin gan mhoill tar éis aon athrú suntasach ar phróifíl riosca leachtachta an ghnóthais nó aon mhórfhorbairt sheachtrach a dhéanann difear suntasach d'ábhar an phlean bainistithe riosca leachtachta.

Airteagal 12

Ábhar agus minicíocht na nuashonruithe ar na plananna bainistithe riosca leachtachta ar leibhéal an ghrúpa

1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 5 go 11 maidir leis na plananna bainistithe riosca leachtachta ar leibhéal an ghrúpa.
2. Áireoidh gnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, cuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha rannpháirteacha sa phlean bainistithe riosca leachtachta ar leibhéal an ghrúpa tuairisc ar an sásra chun leachtacht a bhainistiú agus chun riachtanais leachtachta ar leibhéal an ghrúpa a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, ar bhonn leanúnach agus faoi dhálaí anáis araon, lena n-áirítear tuairisc ar infhaighteacht agus inaistritheacht leachtachta freisin i gcás go mbeadh riachtanais leachtachta chomhuaineacha ann laistigh den ghrúpa.
3. Léireofar san fhaisnéis a sholáthraítear sa phlean bainistithe riosca leachtachta ar leibhéal an ghrúpa aon srian inaistritheachta a fhorchuirtear faoi na dlíthe, na rialacháin nó na ceanglais mhaoirseachta is infheidhme.

Airteagal 13

Comhchruinniú riosca agus idirbhearta inghrúpa

1. Tabharfaidh gnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, cuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha rannpháirteacha tuairisc sa phlean bainistithe riosca leachtachta ar leibhéal an ghrúpa ar thionchair na gcomhchruinnithe riosca suntasacha agus na n-idirbheart inghrúpa dá dtagraítear in Airteagail 376(1) agus 377(1) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/35 ar bhainistiú leachtachta, ar riachtanais leachtachta agus ar acmhainní an ghrúpa.

Tabharfaidh gnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, cuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha rannpháirteacha tuairisc ar na tionchair sin ar bhonn leanúnach agus faoi

dhálaí anáis, lena n-áirítear na srianta uile ar inaistritheacht leachtachta a d'fhéadfadh úsáid idirbheart inghrúpa a theorannú nó moill a chur orthu.

2. Déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, cuideachtaí sealbhaíochta árachais rannpháirteacha agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha rannpháirteacha measúnú ina bplean bainistithe riosca leachtachta ar shochreidteacht agus comhsheasmhacht na dtoimhdí a mhéid a bhaineann le hidirbhearta inghrúpa.

ROINN 3 - TEACHT I BHFEIDHM

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.10.2026

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN